# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Teicneolaíocht Adhmaid

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Nótaí mínithe le húsáid i dTeicneolaíocht Adhmaid do 2025**

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| Nóta mínithe | Úsáid | Marcanna (más iomchuí) |
|---|---|---|
| ✓1 | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✓6 | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✓7 | Faisnéis bhailí | 7 |
| ✓8 | Faisnéis bhailí | 8 |
| ✓ | Faisnéis ábhartha | N/B |
| 0 | Freagra mícheart | 0 |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |


**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na Sraithe Sóisearaí, 2025***

# *Teicneolaíocht Adhmaid*

## *Comhleibhéal*




## *Scéim Mharcála*




*Cuirtear na réitigh Shamplacha a thaispeántar i láthair mar fhreagraí samplacha.*
*Tá gach réiteach bailí eile inghlactha agus marcáiltear iad dá réir.*





Freagair gach ceist.




## Ceist 1



<table>
<tr><th>C.</th><th>FREAGRA</th><th>ÍOMHÁ(NNA)</th><th>MARC</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>(i) Luaigh dhá chúis ar chóir níos mó bogadhmaid a úsáid in ionad crua-adhmaid i seomra ranga na Teicneolaíochta Adhmaid.<br>• Fásann crainn bhogadhmaid i bhfad níos tapa ná crainn chrua-adhmaid (níos tapúla le hathsholáthar)<br>• Tá aeráid na hÉireann níos oiriúnaí d’fhás crann bogadhmaid<br>• Níos furasta obair leis (níos lú dramhaíola)<br>• Níos fearr don timpeallacht<br>• Úsáid crua-adhmaid a laghdú.<br>Aon chúis eile atá cuí ceart.</td><td></td><td>(2 + 1)<br>3 mharc</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">(ii) Cuir in iúl le tic (✓) cé acu atá gach ceann de na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach.
<table>
<tr><th>Bogadhmad</th><th>Fíor</th><th>Bréagach</th></tr>
<tr><td>De ghnáth, faightear bogadhmad ó chrainn bhuaircíneacha</td><td>✓</td><td></td></tr>
<tr><td>Is bogadhmad é sprús sitceach</td><td>✓</td><td></td></tr>
<tr><td>Fásann bogadhmad go mall</td><td></td><td>✓</td></tr>
<tr><td>De ghnáth, bíonn bogadhmad níos daoire ná crua-adhmad</td><td></td><td>✓</td></tr>
</table></td><td>(1 an cheann)<br>4 mharc</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td>Sainaithin na páirteanna lipéadaithe A, B, agus C.<br>Péacán: C<br>Fréamhán: B<br>Síol: A</td><td>
</td><td>(1 an cheann)<br>3 mharc</td></tr>
<tr><td>(c)</td><td>Bain úsáid as nótaí agus as sceitse néata saorláimhe agus déan cur síos gairid ar phróiseas na fótaisintéise.<br>• Súnn fréamhacha uisce agus mianraí ón ithir thíos<br>• Iompraítear an t-uisce agus na mianraí a ionsúitear suas go dtí na duilleoga<br>• Glacann duilleoga dé-ocsaíd charbóin ón aer<br>• Gabhann na duilleoga fuinneamh ó sholas na gréine<br>• Tarlaíonn imoibriú ceimiceach (fótaisintéis) sna duilleoga, rud a tháirgeann glúcós agus ocsaigin<br>• Scaoileann na duilleoga ocsaigin isteach san aer<br>• Úsáideann an crann an glúcós chun fás.<br>Aon chéim eile atá cuí ceart.</td><td></td><td>(3 + 3)<br>6 mharc</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(d)** | **(i) Luaigh buntáiste amháin a bhaineann le druilire colúin a úsáid chun na poill a dhruileáil.**<br>• Is furasta é a úsáid<br>• Is féidir an saotharphíosa a choinneáil go sábháilte<br>• An-chruinn<br>• Druileálfar poill ag dronuillinneacha (90°)<br>• Is féidir an doimhneacht a shocrú lena chinntiú go bhfuil na poill go léir ar an doimhneacht chéanna<br>• Is féidir poill de mhéideanna difriúla a dhruileáil<br>• Níos tapa, níos sábháilte.<br>Aon chúis eile atá cuí ceart. | <br> | **2 mharc** |
| | **(ii) Ainmnigh na codanna a bhfuil na lipéid A, B, agus C orthu.**<br>**A** - Las ann/as, stopchnaipe práinne<br>**B** – Chrágáin, sciath chosanta sábháilteachta<br>**C** – Tábla. | | (1 an cheann)<br>**3 mharc** |
| | **(iii) Luaigh an fheidhm atá ag an bpáirt a bhfuil an lipéad B uirthi.**<br>• Chun an bhéalmhír druilire a choinneáil sa druilire colúin<br>• Chun an fórsa casta a aistriú chuig an mbéalmhír druilire agus tú ag druileáil<br>• Chun cosc a chur ar ábhar ag eitilt.<br>Aon fheidhm eile atá cuí ceart. | | **2 mharc** |
| **(e)** | **Sa spás atá thíos, dear póstaer chun dhá cheann ar bith de na réamhchúraimí sábháilteachta ar leith ba chóir a chomhlíonadh a mhíniú, agus druilire colúin á úsáid chun na poill sa bhád a dhruileáil.**<br>• Sceitse de réamhchúraimí sábháilteachta agus druilire colúin á úsáid.<br>• Nótaí ar réamhchúraimí sábháilteachta:<br>  o Caith cosaint súl cheart<br>  o Cinntigh go bhfuil an sciath chrágáin ina háit<br>  o Seachain éadaí scaoilte nó seodra a chaitheamh<br>  o Ceangail siar gruaig fhada<br>  o Cinntigh go bhfuil an druilire colúin ag rith ag an luas ceart<br>  o Cinntigh go bhfuil an saotharphíosa teannta nó coinnithe ina áit agus tú ag druileáil<br>  o Coinnigh na méara agus na lámha ar shiúl ón mbéalmhír druilire.<br>Aon réamhchúram eile atá feiliúnach. |  | (4 + 4)<br>**8 marc** |
| | | **Ceist 1 Iomlán** | **31 marc** |

## Ceist 2




| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (a) | **Sainaithin an mháchail adhmaid a bhfuil an lipéad A uirthi.**<br><br>Ciumhais mheata ☑<br>Ciumhais bhriste ☐ |  | **1 mharc** |
| (b) | **Bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus déan cur síos ar conas a dhéanfá aghaidh chiorclach an chloig a fhoirmiú. Ainmnigh uirlisí agus meaisíní ar bith a úsáidtear.**<br>• Gearr amach aghaidh chiorclach an chloig ag baint úsáide as scrollsábh (sábh cóipeála)<br>• Déan an ciorcal a ghreanáil go réidh go dtí an imlíne chiorclach ag baint úsáide as dioscghreanóir (bloc greanála agus páipéar gainimh).<br>Aon chéim eile atá cuí ceart.<br><br>Uirlis agus meaisín a úsáidtear:<br>• Sábh cóipeála, scrollsábh, crios-sábh, bloc greanála, dioscghreanóir…….. | <br> | **7 marc** |
| (c) | **Luaigh dhá chúis ar chóir an barrfhráma a lannú in ionad é a ghearradh amach as píosa adhmaid sholadaigh.**<br>• Tá fráma lannaithe níos láidre<br>• Níl aon snáithe gearr<br>• Táirgtear níos lú dramhaíola<br>• Beidh treo an tsnáithe ar na lannáin aonfhoirmeach<br>• Níos furasta an lannán a chríochnú.<br>Aon chúis eile atá cuí ceart. |  | (2 + 1)<br>**3 mharc** |
| (d) | **(i) Ainmnigh an uirlis a thaispeántar**<br>Cuasphlána |  | **1 mharc** |
| | **(ii) Luaigh buntáiste amháin a bhaineann le huirlisí a ritheann ar chumhacht cadhnraí a úsáid.**<br>• An in-iompartha agus soghluaiste le húsáid<br>• Ní theastaíonn foinse chumhachta uathu agus iad á n-úsáid<br>• Níl aon bhaol go ngearrfar cordaí cumhachta<br>• Níos sábháilte le húsáid<br>• Níos furasta le húsáid.<br>Aon bhuntáiste eile atá cuí ceart. | | **2 mharc** |

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | Marc |
|---|---|---|---|
| (e) | **Meaitseáil gach ceann de na céimeanna.**<br> | | (1 an cheann)<br>**3 mharc** |
| (f) | **Ainmnigh an uirlis a thaispeántar.**<br>Clampa (Saise/Barra/Frámála) |  | **1 mharc** |
| (g) | **(i) Sainaithin gach páirt den scriú.**<br> | | (1 an cheann)<br>**3 mharc** |




| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | Marc |
|---|---|---|---|
| | **(ii) Tabhair buntáiste amháin a bhaineann le scriú posaidrimh a úsáid i gcóimeáil an chloig.**<br>• Greim níos fearr le scriúire<br>• Sciorradh laghdaithe agus scriú á chur isteach nó á bhaint<br>• Torc níos fearr ar fáil.<br>Aon bhuntáiste eile atá cuí ceart. |  | **1 mharc** |
| **(h)** | **Luaigh dhá chúis a bhfuil sé riachtanach bailchríoch dhromchla a chur leis an gclog.**<br>• An chuma a fheabhsú<br>• Dromchla an adhmaid a chosaint<br>• Cosc a chur ar lobhadh an adhmaid<br>• Seasamh in aghaidh damáiste taise don adhmad.<br>Aon chúis eile atá cuí ceart. |  | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| | | **Ceist 2 Iomlán** | **26 marc** |

## Ceist 3

<table>
<tr><th>C.</th><th>FREAGRA</th><th>ÍOMHÁ(NNA)</th><th>MARC</th></tr>
<tr><td rowspan="2">(a)</td><td>(i) Ainmnigh an modh snoíodóireachta sin.<br><br>Snoíodóireacht Rilífe</td><td rowspan="2"></td><td>2 mharc</td></tr>
<tr><td>(ii) Ainmnigh modh snoíodóireachta amháin eile.<br>• Snoíodóireacht ghreanta<br>• Slis-snoíodóireacht<br>• Dealbhóireacht, snoíodóireacht 3T, snoíodóireacht sa lántimpeall<br>• Múnlú.</td><td>1 mharc</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td colspan="2">Mol crua-adhmad dúchasach Éireannach a bheadh oiriúnach don choimeádán naipcíní. Tabhair cúis amháin le do rogha crua-adhmaid.<br><br>Crua-adhmad Dúchasach Oiriúnach:<br>Teile, dair, fuinseog, feá, seiceamar, crann silíní, leamhán.....<br><br>Cúis:<br>Aon chúis chuí a bhaineann leis an adhmad atá roghnaithe.</td><td>(2 + 1)<br>3 mharc</td></tr>
<tr><td>(c)</td><td>Ainmnigh an uirlis a thaispeántar.<br><br>Máilléad</td><td></td><td>2 mharc</td></tr>
<tr><td rowspan="2">(d)</td><td>(i) Ainmnigh an modh tiontaithe adhmaid a thaispeántar.<br><br>Sábhadh gathach, sábhadh ina cheathrúna, gatheascadh.</td><td></td><td>2 mharc</td></tr>
<tr><td colspan="2">(ii) Luaigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann leis an modh tiontaithe sin.<br><br>Buntáiste: Táirgeann sé cláir an-daingean, crapadh níos lú ar na cláir, táirgeann sé pátrún snáithe airgid tarraingteach, tá seasamh níos réidhe ag na cláir a tháirgtear in aghaidh chaithimh, ….<br><br>Míbhuntáiste: Táirgtear níos lú dramhaíola, níos mó láimhseála den lomán ag teastáil agus na cláir á ngearradh, níos mó saothair i gceist, modh tiontaithe costasach, táirgtear cláir chúnga, croí-adhmad agus sú-adhmad measctha….</td><td>(2 + 2)<br>4 mharc</td></tr>
</table>



| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| | **(iii) Ainmnigh agus déan sceitse den mhodh amháin eile chun adhmad a thiontú.**<br><br>• Sábhadh tríd is tríd<br>• Sábhadh tadhlaíoch. |  | (1 + 4)<br>**5 mharc** |
| **(e)** | **Bain úsáid as nótaí agus sceitsí néata agus déan cur síos ar dhá cheann de na céimeanna atá riachtanach chun imlíne an ulchabháin a aistriú ón mbileog pháipéir go dtí an píosa adhmaid.**<br><br>• Greamaigh an líníocht le himeall amháin den adhmad le téip<br>• Cuir bileog páipéir charbóin faoi bhun na líníochta<br>• Rianaigh thar an dearadh<br>• Seiceáil go bhfuil na línte go léir le feiceáil ar an adhmad sula mbaintear na bileoga.<br><br>**NÓ**<br><br>• Gearr timpeall na líníochta<br>• Téipeáil an teimpléad seo leis an adhmad<br>• Rianaigh timpeall an teimpléid le peann luaidhe<br>• Sceitseáil na codanna atá ar iarraidh chomh cruinn agus is féidir. | <br> | (4 + 4)<br>**8 marc** |
| | | **Ceist 3 Iomlán** | **27 marc** |

## Ceist 4

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (a) | **(i) Ainmnigh an mhúnláil choirre.**<br><br>Seaimféar |  | **2 mharc** |
| | **(ii) Luaigh cúis amháin leis an múnláil sin a chur leis an seastán.**<br><br>**Cúis:**<br>• An chuma atá ar an seastán a fheabhsú<br>• Imill ghéara a bhaint.<br>Aon chúis eile atá cuí ceart. | | **2 mharc** |
| (b) | **Luaigh an t-ainm ceart do gach ceann de na huirlisí thíos agus luaigh buntáiste amháin a bhaineann le gach uirlis a úsáid chun an mhúnláil choirre a dhéanamh.**<br><br>**A:** Mínphlána<br><br>**Buntáiste:** Furasta le húsáid, ciallaíonn dhá hanla go bhfuil sé sábháilte le húsáid, cruthaíonn sé seaimféar an-chruinn, is féidir doimhneacht an ghearrtha a choigeartú….<br><br>**B**: Siséal (beibhealfhaobhrach)<br><br>**Buntáiste:** Inrochtana go héasca, ní gá aon shocrú suas a dhéanamh lena úsáid, níos saoire le ceannach…. | **A** <br><br>**B**  | (3 + 3)<br>**6 mharc** |
| (c) | **(i) Tarraing sceitse néata saorláimhe de bhonnchló an tseastáin.** |  | **4 mharc** |

**(ii) Críochnaigh an liosta gearrtha don seastán táibléid a thugtar sa tábla thíos.** — (1 an cheann) **3 mharc**

| Cur síos | Líon | Fad | Leithead | Tiús |
|---|---|---|---|---|
| Bonn ceartingearach | 2 | **184** | 44 | 20 |
| Bonn cothrománach | 1 | **158** | 44 | 20 |
| Taca táibléid | 1 | 130 | 30 | 20 |
| Duail | **2** | 25 | Ø6 | |

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| **(d)** | **(i) Ainmnigh an t-alt a thaispeántar.**<br><br>T-leathalt, alt leathrádail |  | **2 mharc** |
| | **(ii) Luaigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann leis an alt a úsáid.**<br>**Buntáiste:**<br>An-fhurasta le déanamh, achar greamaithe mór, furasta le próiseáil ag baint úsáide as uirlisí láimhe, éasca le cur le chéile, tapa…<br><br>**Míbhuntáiste:**<br>Ní alt láidir é, bíonn gliú/scriúnna ag teastáil de ghnáth, bíonn go leor cruinnis ag teastáil chun é a dhéanamh, mall…. | | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| | **(iii) Ainmnigh agus sceitseáil alt amháin eile a d'fhéadfaí a úsáid chun an bonn a shiúntú.**<br><br>Béalalt, alt moirtíse agus tionúir, déadalt, dualalt, alt briosca, alt domanó, alt sliotáin/scriúnna caipín/ceannleacaithe …. |  | (1 + 4)<br>**5 mharc** |
| **(e)** | **Dear seastán táibléid ar a mbeifear in ann uillinn féachana an táibléid ríomhaire a choigeartú agus é á úsáid.**<br>Cur i láthair an réitigh dearaidh:<br>1. Aonad/bosca **bunúsach** gan aon smaoineamh ar conas a bhféadfar uillinn féachana an táibléid ríomhaire a choigeartú - sceitse amháin (2 mharc)<br><br>2. Iarracht **réasúnta** an táibléad ríomhaire a choinneáil agus áis a chur san áireamh chun an uillinn féachana a choigeartú, seastán/aonad oiriúnach - nótaí le bheith curtha san áireamh (4 mharc)<br><br>3. Dearadh **maith** sceitseáilte, a léiríonn roinnt nuálaíochta agus cruthaitheachta lena n-áirítear áis chun uillinn féachana an táibléid ríomhaire a choigeartú agus é á úsáid – nótaí le bheith curtha san áireamh (6 mharc)<br><br>4. Sceitse dearaidh **den scoth** den seastán táibléid, a léiríonn nuálaíocht agus cruthaitheacht bhunaidh lena n-áirítear áis chun uillinn féachana an ríomhaire táibléid a choigeartú agus é á úsáid.<br>Is gá go mbeidh an sceitse rindreáilte nó faoi scáth agus nótaí ag gabháil leis (8 marc). | | **8 marc** |
| | | **Ceist 4 Iomlán** | **36 marc** |

## Scéim Marcála na hOibre Cúrsa 2025

| Fóilió Mo Thuras Dearaidh | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal** | **Cur síos** | **Marcanna** |
| **Achoimre a Iniúchadh** | **Ní bheidh á scrúdú in 2025** | |
| **Fiosrú** | **Ní bheidh á scrúdú in 2025** | |
| **Smaointe a ghiniúint** | **Ní bheidh á scrúdú in 2025** | |
| **Mo rogha dearaidh** & **an chosaint** | An réiteach dearaidh is rogha leat a chur i láthair<br>Smaoinigh ar agus cosain na cinntí dearaidh a rinne tú chun teacht ar an dearadh is rogha leat | 20 |
| **Líníochta(í) oibre** / **Sceitsí** | **Ní bheidh á scrúdú in 2025** | |
| **Meastóireacht** & **Athmhachnamh ar an bhfoghlaim** | Pléigh na rudaí ar éirigh leo, na dúshláin agus na nithe a d'fhoghlaim tú agus an obair chúrsa á comhlánú agat | 15 |
| **An déantúsán** | | |
| **Comhlíonann an déantúsán an achoimre** | Comhlíonadh riachtanais na hachoimre sa déantúsán a cuireadh i láthair | 30 |
| **Úsáid éifeachtach ábhar, phróiseas agus theicnící** | Úsáid inbhuanaithe agus úsáid chuí na n-ábhar, na bpróiseas agus na dteicnící agus an déantúsán á chur i gcrích | 20 |
| **Cruthaitheacht** | Cumadóireacht agus samhlaíocht léirithe sa déantúsán a cuireadh i láthair | 30 |
| **Ceardaíocht, scileanna agus teicnící** | Foirfeacht ceardaíochta léirithe i dtógáil an déantúsáin | 60 |
| **Cóimeáil an déantúsáin** | Cé chomh maith is a rinneadh an déantúsán a chóimeáil | 10 |
| **Bailchríoch a chur ar an déantúsán** | Tá bailchríoch atá ar ard-chaighdeán curtha ar ábhair an déantúsáin | 20 |
| **Cur i láthair** | Cur i láthair foriomlán an déantúsáin chríochnaithe | 20 |
| | **Móriomlán an Obair Chúrsa i 2025** | **225** |

In 2025, bronnfar 225 marc san iomlán don obair chúrsa in ionad 280 marc a bheidh i bhfeidhm le linn gnáth-bhlianta. Coinneofar ualú na hoibre cúrsa ag 70% (280 marc) trí ath-ualú a dhéanamh ar mharc na hoibre sula gcuirfear é leis an marc a ghnóthaítear don scrúdú scríofa.